

## Tortha Foghlama 8: Freagairt agus intinn an údair: Dearcadh an charactair

Tá an cárta seo oriúnach do gach rang agus chun Aistriú Scileanna a chur chun cinn. Anseo, béimid ag diriú isteach ar 'intinn an charactair' agus pléimid na smaointe nó na pheirspictíoch éagsúla atá ag na carachtair dhifriúla le linn an scéil ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do pháistí iniúchadh a dhéanamh ar 'intinn an charactair'. Ar an gcéad dul síos, léann an múinteoir an scéal do na páistí. Sa chárta seo, tá 'An Garbhán' le Julia Donaldson in úsáid againn mar eiseamláir ach is féidir leat aon scéal a úsáid a oireann spéis, riachtanais agus aois na bpáistí i do chomhthéacs nó i do rang. Moltar an leabhar a léamh má tá an cóip crua agat ach mura bhfuil, tá neart leabhair Ghaeilge, 'An Garbhán' san áireamh, ar fáil ar line anseo :

<https://www.youtube.com/watch?v=v8MT3mFjCac>

### Leigh an scéal: An Garbhán

Nuair atá an scéal léite agat, **teanga an scéil múinte go sonrath**, cuir ceisteanna ar na páistí i dtaobh:

Cé atá ag insint an scéil, meas tú?

Conas a bhfuil fhios agat?


Cén saghas teanga atá in úsáid ag an udar.

**Ansin, pléigh príomhcharachtair an scéil. Tá sé tabhachtach go múintear an teanga go sonrath roimh dul i ngleic leis an tasc seo.**

Conas a mhothaigh an Garbhán ar dtús nuair a chonaic sé an luch? Plé/Breac síos do chuid smaointe.

Cuir an cheist ar na páistí arís ach ó thaobh na luiche de.


Is féidir na páistí an cárta 'Bolgáin Smaointeoireachta' a úsáid chun a gcuid smaointe a bhreacadh síos.



### Leathnú B: Freagairt trí Fhilíocht le Dán 'Is mise..'

Is féidir roinnt mhaith eolas a fháil faoi 'I' poems ó: ['I Poetry'](#) Kucan, 2007

Léigh an scéal 'An Garbhán' agud cum dán "Is mise" ó thaobh an Gharbháin/na luiche de.




### Leathnú C:

Leigh roinnt de na síscéal ó Thomás na hOrdóige. Lig do na páistí iad a athscríobh (Fractured Fairy tales) ó pheirspictíocha éagsúla na gcarachtar sa scéal. Lig do na páistí an scéal a athinsint ag baint úsáid as a dteanga féin.



### Leathnú A: An Garbhán

Grúpa 1: Inis an scéal ó pheirspictíoch na luiche de.  
Grúpa 2: Inis an scéal ó pheirspictíoch an Gharbháin de. An bhfuil cosúlachtaí idir na scéalta? An bhfuil éagsúlachtaí sna scéalta? Úsáid an léaráid Venn chun an t-eolas seo a thaispeáint.



[Venn Diagram](#)

**Nasc:** Scríbhneoireacht – T.F. 6: Cuspóir, seanra agus guth: A nguth pearsanta a fhorbairt agus téascanna á gcruthú acu chun a gcuid tuairimí, eolais agus taithí a roinnt le daoine eile.

Writing– L.O.6: Purpose, genre, and voice: Demonstrate individual voice.